# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

# STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT, 10 MEITHEAMH 2008 – MAIDIN, 9.30 a.m. - 12.00 p.m.

## ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CÚIG** cheist ar bith le freagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**
*(Le comhlánú ar leathanach 7 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Seo thíos buiséad do Theaghlach Uí Aodha do na ceithre mhí, Iúil go Deireadh Fómhair, 2008:

Is é an tAirgead Tosaigh ar Láimh ná €495.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Séamas Ó hAodha €2,400 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aige le bónas saoire de €500 glan i mí Lúnasa.
- Tuilleann Cearúl Uí Aodha €1,950 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aici le hardú pá de €250 glan i mí Dheireadh Fómhair.
- Tá súil le Sochar Leanaí €450 in aghaidh na míosa.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Tá morgáiste tí €750 in aghaidh na míosa acu ach rachaidh **ardú** de €100 in aghaidh na míosa air ó 1 Lúnasa 2008.
- Tá préimh árachais an tí, €600 **in aghaidh na bliana**, iníoctha **gach mí** ó 1 Iúil 2008.
- Íocann Teaghlach Uí Aodha préimh árachas sláinte de €150 in aghaidh na míosa. **Méadófar** sin de €25 in aghaidh na míosa ó 1 Meán Fómhair 2008.
- Bíonn costais teaghlaigh €1,200 le híoc in aghaidh na míosa, ach amháin i mí Lúnasa, nuair a bheidh siad €500 **níos lú.**
- Úsáideann Muintir Ui Aodha iompar poiblí chun dul ar obair. Cosnaíonn ticéad traenach Shéamais €165 in aghaidh na míosa agus ticéad Luas Chearúil €95 in aghaidh na míosa.
- Beidh costais oideachais mar seo a leanas: cosnóidh táillí Coláiste Gaeilge €800 i mí Iúil, cosnóidh cultacha scoile €850 i mí Lúnasa agus cosnóidh leabhair scoile agus ticéid bhus €650 i mí Mheán Fómhair.
- Ceaptar go mbeidh €100 ar na billí solais agus teasa i mí Lúnasa, agus €160 i mí Dheireadh Fómhair.
- Ceaptar go mbeidh €125 ar bhille teileafón an tí i mí Iúil, agus €140 i mí Mheán Fómhair. Chomh maith leis sin, cosnóidh billí fón póca an teaghlaigh €90 in aghaidh na míosa.
- Cosnóidh bronntanais le haghaidh cóisirí breithlá €500 i mí Mheán Fómhair agus €700 i mí Dheireadh Fómhair.
- Cosnóidh siamsaíocht €550 gach mí, ach amháin i mí Mheán Fómhair, nuair a chosnóidh ticéid do Chraobh Peile na hÉireann €250 **sa bhreis.**
- Tá saoire in áirithe ag Teaghlach Uí Aodha a chosnóidh €3,000. Caithfidh siad éarlais €800 a íoc leis an gníomhaire taistil i mí Iúil agus an t-iarmhéid i mí Lúnasa.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh (*ar leathanach 7 de Roinn A*) agus tú ag baint úsáide as na figiúirí uile thuas. (50)

**(B)** Mínigh an téarma 'Préimh Árachais'. (*Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 7 de Roinn A.*) (5)

**(C)** Tabhair sampla **amháin** de chomhlacht a sholáthraíonn árachas sláinte in Éirinn. (*Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 7 de Roinn A.)* (5)

**(60 marc)**

**2.** | **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Críochnaitheacha agus le Clár Comhardaithe.**
*(Le comhlánú i do Fhreagarleabhar)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Hanson Tta ar an 31 Nollaig 2007, deireadh na bliana airgeadais. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 250,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| Comhardú Trialach mar a bhí ar an 31 Nollaig 2007 | Dr | Sr |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Tirim | | 170,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim | 114,550 | |
| Carraeireacht Isteach | 1,800 | |
| Stoc Tosaigh ar 1 Eanáir 2007 | 23,750 | |
| Árachas | 7,450 | |
| Pá | 33,250 | |
| Teas agus Solas | 9,800 | |
| Cíos | 12,150 | |
| Fógraíocht | 1,250 | |
| Díbhinn Íoctha | 2,200 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 21,750 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 3,550 | |
| Scairchaipiteal Eisithe ina Scaireanna €1 | | 200,000 |
| Troscáin agus Fearais | 30,000 | |
| Mótarfheithiclí | 152,000 | |
| | 391,750 | 391,750 |

Ba é an Stoc Deiridh ar 31 Nollaig 2007 ná €42,500.

**(A)** Ó na figiúirí thuas, ullmhaigh **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007 agus **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an dáta sin. (45)

**(B)** Mínigh an téarma 'Cíos' sa Chomhardú Trialach thuas. (5)

**(C)** Ríomh cén céatadán de na Díolacháin ar Airgead Tirim é an Brabús Glan. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. (10)

**(60 marc)**

**3.** **Baineann an cheist seo le Tomhaltóir agus le Litir Ghearáin a Scríobh.**
*(Le comhlánú ar na leathanaigh 8 agus 9 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Ar an Satharn, 1 Márta 2008, cheannaigh Réamann Ó Drisceoil, 24 Bóthar Ross, Inis Crabhann, Co. Shligigh, teilifíseán scáileáin chomhréidhe nua 36 orlach ó Mhicheál Ó Broin, Bainisteoir, MB Leictreach Tta, 19 An tSráid Mhór, Sligeach. Ba é an praghas iomlán ná €950.00. Bhain Réamann úsáid as a Chárta Creidmheasa in ionad a Laser chun íoc as an teilifíseán.

Nuair a chuir sé ar obair sa bhaile an tráthnóna sin é, bhí an fhuaim ar fheabhas ach theip air pictiúr a fháil, cé gur lean sé na treoracha go léir a bhí sa leabhrán a tháinig leis an teilifíseán. Ós rud é nach mbeadh sé ábalta taisteal go Sligeach go dtí an Satharn ina dhiaidh sin, scríobh sé litir dar dáta 1 Márta 2008 chuig Micheál Ó Broin.

Sa litir, dúirt Réamann gur cheannaigh sé an teilifíseán in MB Leictreach Tta agus mhínigh sé an fhadhb a bhí aige leis. Dúirt sé go mbeadh se á thabhairt ar ais go dtí an siopa an Satharn dar gcionn mar aon lena admháil. Luaigh sé i ndeireadh na litreach cé na cearta a bhí aige faoi dhlí na dtomhaltóirí.

**(A)** Scríobh an litir a sheol Réamann Ó Drisceoil chuig Micheál Ó Broin ar an 1 Márta 2008.
(*Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 8 de Roinn A.)* (40)

**(B)** Mínigh go hachomair cad is brí le híocaíocht le Cárta Creidmheasa **nó** le Laser.
(*Freagair ar leathanach 9 de Roinn A.)* (8)

**(C)** Ainmnigh **dhá** ghníomhaireacht a d'fhéadfadh cabhrú le Réamann dá mbeadh sé míshásta leis an bhfreagra ó MB Leictreach Tta. I n**gach** cás, scríobh abairt **amháin** ag míniú conas a d'fhéadfadh an ghníomhaireacht cabhrú leis.
*(Freagair ar leathanach 9 de Roinn A.)* (12)

**(60 marc)**

| 4. | **Baineann an cheist seo le Seoladh Airgid Thar Lear, Coigilteas agus An Post.**<br>*(Le comhlánú ar na leathanaigh 10 agus 11 de Roinn A)* |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí Seán Seosamh de Brún ar saoire i Londain. Bhí lóistín aige in Árasán 25, Áras Chelsea, Londain W4 HFT, Sasana. Bhí sé mall ag an eitleán abhaile ar an 5 Meitheamh 2008 agus bhí air fanacht lá sa bhreis. Chuir sé glaoch teileafóin ar a dhaid agus d'iarr sé air £300 Steirling a chur chuige chun cabhrú leis. Is í uimhir theileafóin Sheáin ná 0044 875447226.

Shocraigh a dhaid, Micheál de Brún, 12 Bóthar an Locha, Cill Airne, Co. Chiarraí, an t-airgead a chur tríd an tseirbhís aistrithe airgid atá ag An Post ionas go bhfaigheadh a mhac é ar an lá céanna. Chuaigh sé go dtí a oifig phoist áitiúil agus dúradh leis go gcaithfeadh sé an t-airgead a sheoladh ina euro. Dúradh leis gurbh é an Ráta Malairte reatha ná **€1 = £0.80.**

**(A)** Ríomh an méid ina euro a bheadh ar Mhicheál de Brún a sheoladh ionas go bhfaigheadh a mhac £300 Steirling. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. (*Freagair ar leathanach 10 de Roinn A.*)

(6)

**(B)** Chomhlánaigh agus shínigh Micheál de Brún an fhoirm chuí le haghaidh airgead a sheoladh go dtí a mhac ar an 5 Meitheamh 2008. Is í uimhir theileafóin Mhichíl ná 064 71733. Ós rud é nach mbeadh cárta aitheantas bailí ag a mhac, chuir Micheál an Cheist Tástála seo a leanas agus an freagra istigh leis: 'Ainmnigh an fhoireann is ansa leat: Sunderland'.

Comhlánaigh an Fhoirm 'Chun Airgead a Sheoladh' (*ar leathanach 10 de Roinn A).*

(21)

**(C)** Thug Micheál de Brún isteach an fhoirm chomhlánaithe. Dúradh leis go raibh táille le híoc chun an t-airgead a sheoladh. Ba é an táille ná 10% ar an gcéad €200 móide 5% ar shuim ar bith níos mó ná sin.

**(i)** Ríomh an táille a bhí air a íoc.

**(ii)** Ríomh an méid iomlán a bhí air a thabhairt don airgeadóir ag An Post.

Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre i ngach cás.

(*Freagair ar leathanach 11 de Roinn A.*)

(12)

**(D)** **(i)** Tabhair **trí** chúis ar cheart do dhaoine airgead a choigilt.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** sheirbhís a chuireann An Post ar fail i gcomhair coigilteas airgid.

**(iii)** Ainmnigh **dhá** shaghas institiúid airgeadais, seachas An Post, inar féidir le daoine an t-airgead atá coigilte acu a chur.

(*Freagair ar leathanach 11 de Roinn A.*) (21)

**(60 marc)**



**THALL →**

**5.**

| **Ceist í seo ar Dhoiciméid Ghnó.**<br>*(Le comhlánú ar na leathanaigh 12 agus 13 de Roinn A)* |
|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Pádraigín de Bláca fostaithe i Roinn na nDíolachán ag Mórdhíoltóirí Ama Tta, Eastát Tionsclaíochta Carlton, Droichead Átha, Co. Lú. Ar an 10 Márta 2008 glacann sí leis an Ordú seo a leanas.

# Dolmain Tta

**Siopa Ilrannach** **Uimh. Ordaithe 219**
**12-18 An tSráid Mhór, Dún Dealgan, Co. Lú**

Teileafón: 042-5127671
Facs: 042-5127679 Uimh. Chlár. CBL IE 7793314
r-phost: dolmain@lu.ie

7 Márta 2008

Bainisteoir na nDíolachán
Mórdhíoltóirí Ama Tta
Eastát Tionsclaíochta Carlton
Droichead Átha
Co. Lú

**Soláthair, le do thoil, na hearraí seo a leanas:**

| CAINNÍOCHT | SONRAÍ | | PRAGHAS AN CEANN (€) |
|---|---|---|---|
| 90 | Uaireadóirí Fear Timex | (Códuimhir WTM 74) | 40.00 |
| 70 | Uaireadóirí Ban Timex | (Códuimhir WTL 92) | 60.00 |
| 30 | Cloig Aláraim Timemaster | (Códuimhir CTA 58) | 26.50 |
| 80 | Uaireadóirí Digiteacha Casio | (Códuimhir WCD 36) | 22.50 |

| Sínithe: *Sorcha Nic an Phearsan* | Teideal: Bainisteoir Ceannaigh, Roinn Seodóireachta |
|---|---|

Tá na hearraí a ordaíodh i stoc ach amháin na Cloig Aláraim. Tá na hearraí eile (**Uaireadóirí Fear, Uaireadóirí Ban** agus **Uaireadóirí Digiteacha)** ar fáil. Déanann Pádraigín de Bláca deimhin de go bpacáiltear iad chun iad a sheachadadh. Comhlánaítear Sonrasc (Uimh. 1477) ansin.

Seachadtar na hearraí chuig Dolmain Tta an lá ina dhiaidh sin i veain seachadta. Seachadann an tiománaí veain Sonrasc Uimh.1477, dar dáta 10 Márta 2008, chomh maith.

**(A)** Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 1477 (*ar leathanach 12 de Roinn A*).
Nóta: Is é an **Lascaine Thrádála** ar gach earra ná 15% agus an **CBL** ar gach earra ná 20%. (30)

**(B)** Déanann Sorcha Nic an Phearsan na hearraí a sheiceáil nuair a thagann said isteach chuig Dolmain Tta. Ansin, scríobhann sí amach seic (Uimh. 800573), dar dáta 11 Márta 2008, agus síníonn sí féin é, ar son Dholmain Tta mar íocaíocht iomlán as na hearraí. Tugann sí don tiománaí veain é chun é a thabhairt ar ais go dtí Mórdhíoltóirí Ama Tta. Comhlánaigh Seic Uimh.800573. Bain úsáid as an seic bán agus as an gcomhdhuille atá curtha ar fáil *(ar leathanach 13 de Roinn A).* (15)

**(C)** Iontráil an íocaíocht seic i gCuntas Bainc Dholmain Tta. (*Bain úsáid as* ***ceann amháin*** *de na Cuntais Bhainc ar leathanach 13 de Roinn A.)* (9)

**(D)** Is Siopa Ilrannach é Dolmain Tta. Mínigh go soiléir an téarma 'Siopa Ilrannach'.
*(Freagair ar leathanach 13 de Roinn A.)* (6)

**(60 marc)**

**6.** **Is Ceist í seo ar Mhionairgead.**
*(Le comhlánú ar na leathanaigh 14 agus 15 de Roinn A **nó** i do fhreagarleabhar)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Rita de Faoite ina bainisteoir oifige in Ó Caoinleáin Tta. Úsáideann sí Leabhar Mionairgid chun cuntas a choimeád ar mhionchostais na hoifige. I dtosach gach míosa bíonn óinchiste de €250 aici.

Ar an 1 Aibreán 2008 bhí iarmhéid €250 ar láimh i Leabhar an Mhionairgid.

Bhí na bearta mionairgid seo a leanas aici i mí Aibreáin 2008.

| | | |
|---|---|---|
| Aibreán | 2 | Chaith sí €15 ar phostas – Dearbhán Mionairgid Uimh. 31. |
| | 4 | Cheannaigh sí páipéar scríbhneoireachta (páipéarachas) ar €11 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 32. |
| | 8 | D'íoc sí €20 le cumann carthanachta áitiúil i gcomhair ticéid chrannchuir – Dearbhán Mionairgid Uimh. 33. |
| | 9 | Cheannaigh sí clúdaigh litreach (páipéarachas) ar €18 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 34. |
| | 11 | D'íoc sí €17 le glantóir na bhfuinneog – Dearbhán Mionairgid Uimh. 35. |
| | 16 | D'íoc sí €16 as ábhair ghlantacháin don oifig – Dearbhán Mionairgid Uimh. 36. |
| | 18 | D'íoc sí €14 as trodán a dheisiú – Dearbhán Mionairgid Uimh. 37. |
| | 21 | D'íoc sí €25 as an oifig a ghlanadh – Dearbhán Mionairgid Uimh. 38. |
| | 22 | D'íoc sí €32 as deasc oifige a dheisiú – Dearbhán Mionairgid Uimh. 39. |
| | 25 | D'íoc sí €8 as paicéad a chur sa phost chuig custaiméir – Dearbhán Mionairgid Uimh. 40. |
| | 28 | D'íoc sí €15 as táillí dola – Dearbhán Mionairgid Uimh. 41. |
| | 29 | Cheannaigh sí páipéar cóipeála (páipéarachas) ar €23 – Dearbhán Mionairgid Uimh. 42. |

**(A)** Breac go hiomlán Leabhar an Mhionairgid do mhí Aibreáin (*ar leathanach 14 de Roinn A **nó** i do fhreagarleabhar*), agus tú ag baint úsáide as na colúin anailíse seo a leanas:

**Postas, Páipéarachas, Glantachán, Deisiúchán, Eile.**

Suimigh gach colún anailíse agus comhardaigh Leabhar an Mhionairgid ag deireadh mhí Aibreáin. (40)

**(B)** Cé mhéad airgid a gheobhaidh Rita ón bpríomhairgeadóir ionas gur féidir léi tosú an mhí dar gcionn agus óinchiste de €250 aici? *(Freagair ar leathanach 15 de Roinn A **nó** i do fhreagarleabhar.)* (6)

**(C)** Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:

Dearbhán Mionairgid
Óinchiste
Forchostais
Táillí Dola

*(Freagair ar leathanach 15 de Roinn A **nó** i do fhreagarleabhar.)* (14)

**(60 marc)**

**7.** **Baineann an cheist seo le Córais Seachadta agus le Margaíocht.**
*(Le comhlánú ar na leathanaigh 16 agus 17 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Is bainisteoir margaíochta í Linda Ní Charra. Is mian léi eitilt go dtí an Bhruiséil ar an 18 Meán Fómhair 2008. Faigheann sí amach ar cé mhéad a chosnaíonn ticéad ar an idirlíon le haghaidh Mhín-Aeir agus Sciath-Aeir. Is iad seo am na n-eitiltí acu:

| Aerlínte | Baile Átha Cliath – Imeacht | An Bhruiséil – Teacht |
|---|---|---|
| **Mín-Aer** | 06:50 Déar 18 Meán Fómh 2008 | 09:30 Déar 18 Meán Fómh 2008 |
| **Sciath-Aer** | 07:30 Déar 18 Meán Fómh 2008 | 10:20 Déar 18 Meán Fómh 2008 |

**(i)** Tabhair **trí** chúis a mbainfeadh feidhmeannach gnó úsáid as córas aeriompair. (*Freagair ar leathanach 16 de Roinn A.*)

**(ii)** Ríomh cé mhéad ama a thógann an eitilt ó Bhaile Áthas Cliath go dtí an Bhruiséil ar **gach aon** aerlíne acu. Taispeáin do chuid freagraí agus do chuid oibre. (*Freagair ar leathanach 16 de Roinn A.*) (20)

**(B)** Seo thíos táillí an dá aerlíne. Beidh Linda ag clárú **dhá** mhála.

| Táillí Aerlíne | Mín-Aer | Sciath-Aer |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táille taistil | 30.00 | 65.00 |
| Cánacha aerfoirt | 32.75 | 14.80 |
| Táille áirithinte | 7.50 | 1.00 |
| Táille cláraithe | 5.00 | 2.50 |
| Árachas taistil | 15.00 | 9.50 |
| Táille cláraithe mála | €10 ar gach mála | €3 ar gach mála |

**(i)** Ríomh costas iomlán na heitilte ar Linda le **gach aon** aerlíne acu. Taispeáin do chuid freagraí agus do chuid oibre. (*Freagair ar leathanach 16 de Roinn A.)*

**(ii)** Agus tú ag cur an chostais san áireamh, cé acu aerlíne a molfá do Linda taisteal léi? (*Freagair ar leathanach 17 de Roinn A.*) (20)

**(C)** Thug múinteoir Staidéar Gnó cleachtadh ar an margaíocht do na mic léinn. Bhí na mínithe go léir i gceart ag mac léinn amháin ach chuir sé sna habairtí míchearta iad. Seo an rud a scríobh an mac léinn.

**(i)** Is é is margadh ann ná *liosta ceisteanna réamhullmhaithe a chuirtear ar thomhaltóirí mar chuid de shuirbhé.*

**(ii)** Is é is taighde margaidh ann ná *táirge nua a thriail ar uimhir bheag custaiméirí.*

**(iii)** Is é is ceistneoir ann ná *ainm nó lógó a úsáid chun táirgí a shainaithint.*

**(iv)** Is é is tástáil margaidh ann ná *na daoine uile páirteach i gceannach agus i ndíol earra nó seirbhíse.*

**(v)** Is é is brandáil ann ná *eolas a bhailiú ar an rud a theastaíonn ó chustaiméirí a cheannach*.

Comhlánaigh, go hiomlán, **gach** abairt (*sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 17 de Roinn A)* agus tú ag baint úsáide as an míniú is cuí. (20)

**(60 marc)**

**8.** **Baineann an cheist seo leis an Slabhra Táirgeachta agus le Cúrsaí Eacnamaíochta.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 18 agus 19 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** **(i)** Baineann an Táirgeacht Phríomhúil le baint amach bunábhar.
Tabhair **trí** shampla den Táirgeacht Phríomhúil.

**(ii)** Mínigh, agus tú ag tabhairt sampla, cad is brí le Táirgeacht Thánaisteach.

**(iii)** Tá a lán fostaíochta ar fáil sa tionscal Seirbhíse in Éirinn.
Tabhair **ceithre** shampla den tionscal Seirbhíse.

*(Freagair ar leathanach 18 de Roinn A.)* (22)

**(B)** **(i)** I gcúrsaí eacnamaíochta, mínigh an difríocht atá idir 'riachtanais' agus 'teastálacha'.
Tabhair **dhá** shampla de gach ceann acu. *(Freagair ar leathanach 18 de Roinn A.)*

**(ii)** Is iad na ceithre toisc tháirgeachta ná talamh, saothar, caipiteal agus fiontraíocht.
Mínigh **dhá** cheann de na tosca táirgeachta. *(Freagair ar leathanach 19 de Roinn A.)*

(20)

**(C)** Thug Rialtas Rainland na figiúirí seo a leanas ar Lá an Bhuiséid in 2008.

| **Na Mórmhíreanna Ioncaim agus Caiteachais** | **Milliúin €** |
|---|---|
| Ioncam ó ÍMAT agus CBL | 5,150 |
| Ioncam ó Dhleacht Mháil | 3,750 |
| Caiteachas ar Sheirbhísí Sláinte | 3,800 |
| Caiteachas ar Oideachas agus Eolaíocht | 3,350 |
| Caiteachas ar Leasa Sóisialta | 2,950 |

**(i)** Dréachtaigh Buiséad Náisiúnta Rialtas Rainland don bhliain 2008 ón eolas thuas.

**(ii)** Luaigh cé acu buiséad 'barrachais' nó buiséad 'easnaimh' é.

(*Freagair ar leathanach 19 de Roinn A.*)

(18)

**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán